AN COISTE COMHAIRLEACH MAIDIR LE hIOMPAR NA BHFEISIRÍ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2025

BROLLACH

I gcomhréir le hAirteagal 10(7) den Chód Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa maidir le Macántacht agus Trédhearcacht (Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, dá ngairtear ‘an Cód Iompair’ anseo feasta), foilsíonn an Coiste Comhairleach maidir le hIompar na bhFeisirí (dá ngairtear ‘an Coiste Comhairleach’ anseo feasta) tuarascáil bhliantúil maidir lena chuid oibre.

Rinne an Coiste an Tuarascáil Bhliantúil maidir le hobair an Choiste Chomhairligh a bhain leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025 a ghlacadh an 13 Aibreán 2026.

Clár

1. Oibleagáidí na bhFeisirí maidir le Macántacht agus Trédhearcacht

2. An Coiste Comhairleach maidir le hIompar na bhFeisirí

2.1 Comhdhéanamh

2.2 Cathaoirleach i mbun Oifige

2.3 Cruinnithe in 2025

2.4 Na cásanna a scrúdaíodh agus an treoraíocht a tugadh

3. Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gCód Iompair

3.1 Dearbhuithe maidir le Leasanna Príobháideacha na bhFeisirí a thíolacadh agus a thabhairt cothrom le dáta

3.2 Dearbhuithe eile a thíolacadh

3.3 Ardú Feasachta

3.4 Staidreamh

3.5 Graif anailíse treochtaí

4. Riar

Achoimre

Cumhdaítear sa tuarascáil seo gníomhaíochtaí an Choiste Chomhairligh sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.

In 2025, scrúdaigh an Coiste Comhairleach 17 gcás de sháruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair (i gcomparáid le 11 chás in 2024). Is féidir an treocht mhéadaitheach a mhíniú toisc, de réir na rialacha a athbhreithníodh in 2023, gur féidir sáruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair a chur in iúl go díreach don Choiste Comhairleach freisin. Mar thoradh ar an athrú sin, tháinig méadú ar an leibhéal feasachta maidir leis na rialacha macántachta agus trédhearcachta laistigh agus lasmuigh de Pharlaimint na hEorpa araon.

Fuair an Coiste Comhairleach dhá iarratas ó Fheisirí ag lorg treoraíochta maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme fhorálacha an Chóid Iompair. Chuir an Coiste Comhairleach a chomhairle ar fáil faoi rún agus laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear sa Chód Iompair.

I gcomhréir leis na Bearta Cur Chun Feidhme don Chód Iompair maidir le macántacht agus trédhearcacht a ghlac an Biúró an 16 Deireadh Fómhair 2023, lean an tseirbhís riaracháin inniúil (an tAonad um Riarachán do na Feisirí laistigh de AS na hUachtaránachta, a sholáthraíonn seirbhísí rúnaíochta don Choiste Comhairleach) de sheiceáil inchreidteachta ghinearálta a dhéanamh ar na dearbhuithe maidir le leasanna príobháideacha a thíolaic na Feisirí.

Ag leanúint de chleachtas seanbhunaithe, lean an tAonad um Riarachán do na Feisirí d'fhiosrúcháin a fhreagairt a rinne Feisirí nó a gcúntóirí a chur ar aghaidh d'fhonn cabhrú leo forálacha an Chóid agus a Bhearta Cur Chun Feidhme a chur i bhfeidhm i gceart.

Idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2025, cuireadh isteach i gcomhréir leis na rialacha 193 dhearbhú maidir le leasanna príobháideacha (ar nuashonruithe 187 díobh), 6,805 dhearbhú maidir le feasacht ar choinbhleachtaí leasa, 212 dhearbhú maidir le freastal ar imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe agus 11 dhearbhú sócmhainní. Ina theannta sin, thug na Feisirí fógra don Uachtarán faoi 44 bhronntanas. Foilsíodh 32,122 cruinniú le hionadaithe sainleasa nó le hionadaithe ó thriú tíortha.

I gcomparáid le 2024, léiríonn an líon méadaithe dearbhuithe a tíolacadh ardleibhéal feasachta ar na hoibleagáidí nua i measc na bhFeisirí agus trédhearcacht mhéadaithe laistigh de Pharlaimint na hEorpa.

Mar ghné nua, cuireadh graif anailíse treochtaí isteach ag deireadh na tuarascála, rud a fhágann gur féidir forléargas agus measúnú a dhéanamh ar an ualach oibre agus ar na sonraí.

1. OIBLEAGÁIDÍ NA bhFEISIRÍ MAIDIR LE MACÁNTACHT AGUS TRÉDHEARCACHT

Leagtar amach sa Chód Iompair na treoir-phrionsabail maidir le macántacht agus trédhearcacht agus príomh-dhualgais na bhFeisirí i bhfeidhmiú a sainordaithe. Bíonn na Feisirí á dtreorú ag na prionsabail ghinearálta iompair seo a leanas: neamh-fhéinchúis, macántacht, oscailteacht, dúthracht, ionracas, cuntasacht agus meas ar chlú na Parlaiminte, agus déanann siad na prionsabail sin a urramú. Ní foláir dóibh gníomhú ar son leas an phobail, agus leas an phobail amháin, agus staonadh ó aon sochar díreach nó indíreach nó luach saothair eile a fháil nó féachaint lena leithéid sin a fháil.

De bhun Airteagal 2 den Chód Iompair, ní dhéanfaidh Feisirí aon chomhaontú chun gníomhú nó vótáil ar mhaithe le haon duine dlítheanach nó nádúrtha eile ar comhaontú é a chuirfeadh isteach ar a saoirse vótála. Ní dhéanfaidh siad aon sochar nó luach saothair eile díreach nó indíreach a lorg, a ghlacadh nó a fháil, lena n-áirítear airgead tirim nó tacaíocht chomhchineáil, mar mhalairt ar iompraíocht shonrach mar a bhaineann le raon oibre parlaimintí an Fheisire, agus féachfaidh siad go comhfhiosach le haon chás a d'fhéadfadh breabaireacht, caimiléireacht nó tionchar míchuí a thabhairt le tuiscint a sheachaint. Ina theannta sin, ní ceadmhach do na Feisirí dul i mbun gníomhaíochtaí brú-stocaireachta íoctha a bhfuil baint dhíreach acu le próiseas cinnteoireachta an Aontais.

Tugtar sainmhíniú sa Chód Iompair ar 'choinbhleachtaí leasa' agus leagtar síos leis na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar aon choinbhleacht dá leithéid. Is ann do choinbhleacht leasa i gcás ina bhféadfadh tionchar míchuí a bheith ar fheidhmiú sainordú Feisire de Pharlaimint na hEorpa ar leas an phobail ar chúiseanna a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh, le cúrsaí mothúcháin nó le leas eacnamaíoch, nó le haon leas príobháideach díreach nó indíreach eile de chuid an Fheisire. Ní foláir an sainmhíniú ar "choinbhleacht leasa" sa Chód Iompair a léirmhíniú ionas go gcuimseofar leis, ní hamháin leas príobháideach a imríonn tionchar iarbhír ar an bhFeisire i bhfeidhmiú a dhualgas nó a dualgas, ach freisin mar 'staid ina bhféadfadh an leas a aithnítear, i súile an phobail, tionchar a imirt ar fheidhmiú neamhchlaonta oibiachtúil' dhualgais an

Fheisire.[1] Ní ann do choinbhleacht leasa sa chás nach dtéitear chun tairbhe an Fheisire ach amháin mar bhall den phobal i gcoitinne nó d'aicme leathan daoine.

Tá sé d'oibleagáid ar na bhFeisirí gach iarracht réasúnach a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa a bhrath, agus nuair is eol dóibh gur ann dá leithéid, gach iarracht a dhéanamh láithreach ar iad a réiteach. Mura bhfuil siad in ann an choinbhleacht leasa a réiteach, ní foláir do na Feisirí í a dhearbhú ina ndearbhú maidir le leasanna príobháideacha. Ní foláir dóibh a nochtadh freisin, sula labhróidh siad nó sula vótálfaidh siad i suí iomlánach nó i gceann de chomhlachtaí Pharlaimint na hEorpa, aon choinbhleacht leasa i ndáil leis an ábhar atá á bhreithniú.

Ina theannta sin, ní foláir do shealbhóirí oifige, rapóirtéirí, scáth-rapóirtéirí, lena n-áirítear rapóirtéirí agus scáth-rapóirtéirí don tuairim, agus rannpháirtithe i dtoscaireacht oifigiúil nó i gcaibidlíochtaí idirinstitiúideacha dearbhú a thíolacadh maidir le feasacht ar choinbhleachtaí leasa freisin. An 17 Meitheamh 2025, ghlac an Pharlaimint léirmhíniú ar an bpointe seo, lena suitear go bhféadfaidh Feisire a mholtar mar rapóirtéir do roinnt comhad a bhfuil ábhar comhchosúil iontu, dearbhú ginearálta amháin a thíolacadh lena gcumhdaítear na comhaid sin go léir. Dá dtiocfadh coinbhleacht leasa chun cinn maidir le comhad ar leithligh, ní foláir dearbhú a chur isteach don chomhad sin. I gcás tuarascálacha maidir le fíorú dhintiúir na bhFeisirí nuathofa, ní foláir don rapóirtéir aon choinbhleacht leasa a dhearbhú i ndáil le fíorú a dhintiúr nó a dintiúr féin.

Thairis sin, bunaítear rialacha mionsonraithe sa Chód Iompair i ndáil leis an dearbhú maidir le leasanna príobháideacha. Ní foláir do na Feisirí dearbhú a thíolacadh ina mbeidh an fhaisnéis uile is gá ar bhealach mionsonraithe agus beacht. Tá an dearbhú tosaigh dlite faoi dheireadh an chéad seisiúin iomlánaigh i ndiaidh na dtoghchán Eorpach nó laistigh de 30 lá i ndiaidh d'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa dul i mbun oifige le linn thréimhse an téarma pharlaimintigh. Má thagann aon athrú ar chúrsaí, caithfear dearbhú athbhreithnithe a thíolacadh faoi dheireadh na míosa dár gcionn.

In Airteagal 5 den Chód Iompair, tá oibleagáid ar na Feisirí dearbhú sócmhainní a thíolacadh ag tús a sainordaithe agus ag a dheireadh.

[1] Breithiúnas an 15 Iúil 2015, Dennekamp v Parliament, T-115/13, AE:T:2015:497, mír 106.

Agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, tá sé de cheangal ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa staonadh ó ghlacadh le haon bhronntanais nó sochair chomhchosúla, seachas bronntanais nó sochair ar lú ná EUR 150 a ngarluach. I gcás ina dtabharfar bronntanais ar mó a ngarluach ná EUR 150 d'Fheisirí agus iad ag déanamh ionadaíochta ar Pharlaimint na hEorpa i gcáil oifigiúil, ní foláir do na Feisirí fógra a thabhairt don Uachtarán agus na bronntanais a thabhairt ar láimh don institiúid.

Ní mór do na Feisirí a dhearbhú go raibh siad i láthair ag imeachtaí arna n-eagrú ag daoine aonair nó ag eagraíochtaí, más rud é gur tríú páirtithe a rinne a speansais taistil, chóiríochta agus/nó chothaithe a íoc nó a aisíoc, go hiomlán nó go páirteach.

Leis an gCód Iompair, i gcás gach cruinnithe sceidealta uile a bhaineann le gnó parlaiminteach a bhíonn ag na Feisirí le hionadaithe sainleasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach, agus le hionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, ceanglaítear ar na Feisirí iad a fhoilsiú ar líne.

Baineann Airteagal 8 leis an dearbhú ionchuir. Tar éis modhnú a dhéanamh ar Airteagal 8 arna ghlacadh ag an bParlaimint an 17 Meitheamh 2025, lena ndéantar Airteagail 7 agus 8 a ailíniú, ní foláir do na rapóirtéirí a méid seo a leanas a liostú in iarscríbhinn a ghabhann lena dtuarascáil nó lena dtuairim: na hionadaithe sainleasa, agus ionadaithe údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, óna bhfuair siad ionchur maidir le hábhair a bhaineann le hábhar an chomhaid agus a chuir na rapóirtéirí san áireamh ina dtuarascáil nó ina dtuairim. Ag an am céanna is a rinneadh an modhnú ar an Airteagal, ghlac an Pharlaimint léirmhíniú maidir le dearbhuithe ionchuir i gcomhthéacs nósanna imeachta a bhaineann le díolúine an bhFeisirí; i gcás tuarascálacha i gcomhthéacs díolúintí, ní bhíonn feidhm ag an dearbhú ionchuir leo.

Cé is moite den dearbhú sócmhainní, tá na dearbhuithe sin uile agus clár na mbronntanas oifigiúil le fáil go díreach ar shuíomh gréasáin poiblí na Parlaiminte.

Is léiriú ar thiomantas láidir Pharlaimint na hEorpa don trédhearcacht agus don eitic iad na hoibleagáidí thuasluaite maidir le nochtadh. Thairis sin, déantar foráil sa Chód Iompair do shásra chun faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na forálacha.

2. AN COISTE COMHAIRLEACH MAIDIR LE hIOMPAR NA bhFEISIRÍ

De réir Airteagal 10 den Chód Iompair, beidh an Coiste Comhairleach comhdhéanta de ochtar Feisirí reatha de Pharlaimint na hEorpa. Déanann an Coiste measúnú ar sháruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair agus tugann sé comhairle don Uachtarán maidir le gníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh, ní hamháin ar iarratas ón Uachtarán ach freisin nuair a dhéantar í a chur in iúl go díreach dó. Déanann an Coiste Comhairleach faireachán réamhghníomhach freisin ar chomhlíontacht na bhFeisirí leis an gCód Iompair agus lena Bhearta Cur Chun Feidhme agus cuireann sé aon sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann in iúl don Uachtarán.

2.1 Comhdhéanamh

Is í an tUachtarán a cheapann an Coiste Comhairleach, ag tús a théarma oifige nó a téarma oifige, agus aird chuí á tabhairt ar thaithí na bhFeisirí ach freisin ar an gcothromaíocht pholaitiúil agus inscne.

In 2025 b'iad seo a leanas ochtar buan-chomhaltaí an Choiste Chomhairligh:

- Monika HOHLMEIER (PPE, an Ghearmáin);
- Ana Catarina MENDES (S&D, an Phortaingéil);
- Gerolf ANNEMANS (PfE, an Bheilg);
- Chiara GEMMA (ECR, an Iodáil);
- Gilles BOYER (Renew, an Fhrainc);
- Nicolae ȘTEFĂNUȚĂ (Na Glasaigh/SCE, an Rómáin);
- Martin SCHIRDEWAN (An Chlé, An Ghearmáin);
- Antonio LÓPEZ-ISTÚRIZ WHITE (PPE, an Spáinn);

Ag tús a théarma oifige nó a téarma oifige, ní foláir don Uachtarán freisin comhaltaí cúltaca a cheapadh don Choiste Comhairleach, comhalta amháin do gach grúpa polaitiúil nach bhfuil ionadaíocht á déanamh thar a cheann sa Choiste Comhairleach. Is é seo a leanas an Comhalta cúltaca a cheap an tUachtarán don chéad leath den 10ú téarma reachtach:

- Ivan DAVID (ESN, an tSeicia).

2.2 Cathaoirleach i mbun Oifige

I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 10(2) den Chód Iompair, feidhmíonn gach buanchomhalta den Choiste Comhairleach mar chathaoirleach ar feadh sé mhí ar bhonn uainíochta. Sonraítear ina theannta sin in Airteagal 4 de Rialacha Nós Imeachta an Choiste Chomhairligh go leanann an uainíocht, i bprionsabal, líon comhaltaí na ngrúpaí polaitiúla a bhfuil ionadaíocht á déanamh thar a gceann ar an gCoiste Comhairleach.

In 2025, bhí Monika HOHLMEIER (Eanáir-Márta 2025), Ana Catarina MENDES (Aibreán-Meán Fómhair 2025) agus Chiara GEMMA (Deireadh Fómhair-Nollaig 2025) ina gCathaoirligh. Mairfidh sainordú Chiara GEMMA go dtí deireadh mhí an Mhárta 2026.

2.3 Cruinnithe in 2025

Glacadh féilire chruinnithe an Choiste Chomhairligh le haghaidh 2025 an 1 Deireadh Fómhair 2024 agus tháinig an Coiste Comhairleach le chéile 10 n-uaire ina dhiaidh sin mar a leanas:

Féilire na gcruinnithe in 2025

- Dé Máirt an 28 Eanáir
- Dé Máirt an 18 Márta
- Dé Máirt, an 8 Aibreán
- Dé Máirt an 22 Aibreán (Cruinniú Urghnách)
- Dé Máirt, an 6 Bealtaine (Cruinniú Urghnách)
- Dé Máirt, an 8 Iúil
- Dé Máirt, an 23 Meán Fómhair
- Dé Máirt, an 14 Deireadh Fómhair
- Dé Máirt, an 11 Samhain
- Dé Máirt, an 16 Nollaig

2.4 Na cásanna a scrúdaíodh agus an treoraíocht a tugadh

2.4.1 Tarchur ón Uachtarán maidir le sáruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair

I gcás go bhfuil cúis lena chreidiúint go bhféadfadh an Cód Iompair a bheith sáraithe ag Feisire de chuid Pharlaimint na hEorpa, déanfaidh an tUachtarán an t-ábhar a chur faoi bhráid an Choiste Chomhairligh (Airteagal 11 den Chód Iompair). Scrúdóidh an Coiste Comhairleach imthosca an tsáraithe líomhnaithe agus féadfaidh sé éisteacht a thabhairt don Fheisire lena mbaineann. Tugann an Coiste moladh don Uachtarán i dtaobh an chinneadh a d'fhéadfaí a dhéanamh. Féadfaidh an Coiste Comhairleach moladh maidir le pionós a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí.

In 2025, rinne an tUachtarán aon chás amháin de shárú líomhnaithe ar an gCód Iompair a tharchur chuig an gCoiste Comhairleach. Rinne an Coiste Comhairleach cás eile, a tagraíodh dó ar dtús ag deireadh 2024, a scrúdú agus a thabhairt chun críche in 2025.

- **Sárú líomhnaithe ar cheann de phríomh-dhualgais na bhFeisirí agus ar na hoibleagáidí maidir le nochtadh sa dearbhú maidir le leasanna príobháideacha**

Bhain an chéad tarchur ón Uachtarán, a scrúdaigh an Coiste Comhairleach in 2025, le sárú féideartha ar an oibleagáid faoi Airteagal 2(b) den Chód Iompair chun aon chás a sheachaint a bhféadfadh breabaireacht, caimiléireacht nó tionchar míchuí a bheith i gceist leis. Sa bhreis ar an tarchur, fuair an Coiste Comhairleach roinnt gearán ó shaoránaigh maidir le heaspa mionsonraí agus beachtais sa dearbhú maidir le leasanna príobháideacha arna thíolacadh ag an bhFeisire lena mbaineann, rud a d'fhéadfadh a bheith ina shárú líomhnaithe ar Airteagal 4(2) den Chód Iompair.

Scrúdaigh an Coiste Comhairleach an fhaisnéis uile atá ar fáil go poiblí agus, tar éis éisteacht leis an bhFeisire lena mbaineann, tháinig sé ar an gconclúid, leis an bhfaisnéis a bhí ar fáil, nach bhféadfaí aon sárú ar Airteagal 2(b) a shuí. Mar sin féin, suíodh gur sáraíodh Airteagal 4(2) den Chód Iompair a bhaineann leis an dearbhú maidir le leasanna príobháideacha. Tar éis moltaí a fháil ón gCoiste Comhairleach, chinn an tUachtarán pionós a fhorchur arb éard atá ann ná forghéilleadh teidlíochta ar an liúntas cothaithe laethúil ar feadh tréimhse 2 lá ar an bhFeisire

i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte. Dá bhrí sin, rinne an Feisire an dearbhú maidir le leasanna príobháideacha a thabhairt cothrom le dáta.

- **Sárú líomhnaithe ar na hoibleagáidí maidir le nochtadh a bhaineann le cuirí chuig imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe**

Bhain an dara tarchur a scrúdaigh an Coiste Comhairleach in 2025 le sárú féideartha ar na hoibleagáidí maidir le nochtadh a bhaineann maidir le himeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtí a d'fhreastail Feisire orthu. Sainaithníodh an rannpháirtíocht san imeacht freisin trí fhaireachán a dhéanamh ar na meáin roimh an tarchur ón Uachtarán.

De bhun Airteagal 6(3) den Chód Iompair agus Airteagal 10 dá Bhearta Cur Chun Feidhme, ní mór do na Feisirí a dhearbhú go raibh siad i láthair, agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, ag imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtí, i gcás ina ndearna tríú páirtí na speansais taistil, chóiríochta nó chothaithe a íoc nó a aisíoc ina n-iomláine nó i bpáirt. Níor chuir an Feisire aon dearbhú ina thaobh sin isteach laistigh den sprioc-am 60 lá a fhorchuirtear leis na rialacha.

Chuaigh an Coiste Comhairleach i dteagmháil leis an bhFeisire lena mbaineann agus d'iarr sé soiléiriú. San fhreagra, dúirt an Feisire gur cumhdaíodh na speansais uile le cistí pearsanta agus nach raibh rannpháirtíocht san imeacht ina cháil mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa.

Le linn a scrúdaithe, braitheann an Coiste Comhairleach go heisiach ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn an Feisire, ar mhalartú faisnéise idirsheirbhísí agus ar fhoinsí atá ar fáil don phobal. Ar an mbonn sin, tháinig an Coiste Comhairleach ar an gconclúid nach bhféadfaí aon sárú ar na hoibleagáidí maidir le nochtadh a leagtar amach sa Chód Iompair a shuí sa chás seo.

2.4.2 Sáruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair arna gcur in iúl go díreach don Choiste Comhairleach

De bhun Airteagal 10 den Chód Iompair, is féidir sáruithe líomhnaithe a chur in iúl go díreach don Choiste Comhairleach, a chaithfidh measúnú a dhéanamh orthu agus comhairle a chur ar an Uachtarán maidir leis an ngníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh. In 2025, scrúdaigh an Coiste Comhairleach aon chás déag de sháruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair, mar a shonraítear thíos.

Bhain dhá chás le coinbhleachtaí leasa líomhnaithe. Bhain an chéad chás go príomha le líomhain maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí brú-stocaireachta íoctha agus coinbhleacht leasa i ndáil le gníomhaíochtaí seachtracha, agus bhí líomhaintí éagsúla maidir le coinbhleacht leasa sa dara cás, a bhí á mheasúnú agus an tuarascáil seo á scríobh, chomh maith le sárú ar phríomh-dhualgais na bhFeisirí agus oibleagáidí eile maidir le nochtadh (féach cásanna uimh. 1-2 thíos). Bhain sé chás le sáruithe líomhnaithe ar na hoibleagáidí maidir le nochtadh i ndáil leis an dearbhú maidir le leasanna príobháideacha (féach cásanna uimh. 3-8). Bhain dhá chás eile le sáruithe líomhnaithe ar na hoibleagáidí nochta maidir le cruinnithe a fhoilsiú (féach cásanna uimh. 9-10). Bhain an cás deireanach arna chur in iúl go díreach le sárú líomhnaithe ar na hoibleagáidí nochta maidir le freastal ar imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe (féach cás uimh. 11). Ba shaoránaigh phríobháideacha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa agus iriseoirí a rinne an cur in iúl go díreach sna cásanna sin.

- **Gníomhaíochtaí brú-stocaireachta íoctha agus coinbhleachtaí leasa**

Scrúdaigh an Coiste Comhairleach **an chéad chás** arna gcur in iúl go díreach tar éis gearán a bhain leis na gníomhaíochtaí seachtracha a rinne Feisire de Pharlaimint na hEorpa, le sárú líomhnaithe ar an oibleagáid faoi Airteagal 2(c) den Chód Iompair, agus coinbhleacht leasa féideartha ann faoi Airteagal 3.

Go sonrach, chuir an gearánach in iúl go mb'fhéidir nach gcomhlíonfadh fo-ghníomhaíochtaí an Fheisire lena mbaineann na rialacha lena dtoirmisctear rannpháirtíocht na bhFeisirí i ngníomhaíochtaí brú-stocaireachta íoctha atá nasctha go díreach le próiseas cinnteoireachta an Aontais. Bhí na fo-ghníomhaíochtaí íoctha i dtrácht agus an luach saothair a fuarthas dearbhaithe go cuí ag an bhFeisire ina dhearbhú maidir le leasanna príobháideacha.

Ní chuireann an Cód Iompair toirmeasc ar Fheisirí dul le fo-ghníomhaíochtaí a bhfuil luach saothair ag gabháil leo nó nach bhfuil luach saothair ag gabháil leo. Ós rud é gur tréimhse theoranta atá sa sainordú i bParlaimint na hEorpa, ní féidir a iarraidh ar Fheisirí éirí as a ngníomhaíochtaí gairmiúla ná as fo-ghníomhaíochtaí eile le linn an tsainordaithe. Mar sin féin, leagtar síos sa Chód Iompair teorainneacha áirithe ar fho-ghníomhaíochtaí na bhFeisirí (Airteagal 2) chomh maith le rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa (Airteagal 3) agus oibleagáidí maidir le nochtadh (Airteagal 4).

Bhí sé de chúram ar an gCoiste Comhairleach measúnú a dhéanamh ar an gcineál gníomhaíochta is féidir a mheas a bheith ina brú-stocaireacht íoctha thoirmiscthe de réir an Chóid Iompair, gan beann ar an seasamh a bheith dearbhaithe go cuí de mheon macánta i gcomhréir le hAirteagal 4 den Chód Iompair. Bhí malartú faisnéise idir an Coiste Comhairleach agus an Feisire.

Maidir leis an líomhain gur sáraíodh Airteagal 2(c) den Chód Iompair maidir le gníomhaíochtaí brú-stocaireachta íoctha, ní raibh an Coiste Comhairleach in ann teacht ar chomhaontú maidir le measúnú cinntitheach ar an gcás. Bhí dhá shraith éagsúla tuairimí ann ar an ábhar.

Ar láimh amháin, áitíodh gur d'aon ghnó a rinneadh an t-athrú ar Airteagal 2(c) den Chód Iompair agus gur cruthaíodh riail nua le cur i bhfeidhm. Bhí an Feisire rannpháirteach i gcomhlachtaí cinnteoireachta réigiúnacha de chuid eagraíochta leasa, agus fuarthas ioncam chun an t-am a caitheadh leis an rannpháirtíocht sin a chúiteamh. Ba é cuspóir na heagraíochta i gceist tionchar a imirt ar reachtaíocht an Aontais freisin. Níor cheart gníomhaíochtaí réigiúnacha a eisiamh ó chur i bhfeidhm na rialach, toisc go gcuirfeadh sé lúb ar lár ar fáil lena gceadófaí do na Feisirí a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí íoctha ar leibhéal cúnta, rud a chuirfeadh fós leis an mbrú-stocaireacht fhoriomlán.

Ar an láimh eile de, áitíodh gur gá na rialacha nua a chur i bhfeidhm go sriantach i bhfianaise shaoirse na bhFeisirí gníomhaíochtaí seachtracha a dhéanamh. Is éard a bhí sa chúiteamh a fuair an Feisire, i ndáiríre, ná aisíocaíocht speansas. Ceistíodh an bhféadfaí gníomhaíochtaí réigiúnacha a mheas mar bhrú-stocaireacht dhíreach ar leibhéal an Aontais, ós rud é gurb é an príomhchuspóir dlí an Aontais a chur chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach. Dá ndéanfaí gníomhaíochtaí ar an leibhéal réigiúnach a mheas mar bhrú-stocaireacht íoctha atá nasctha go díreach le próiseas cinnteoireachta an Aontais, dhíspreagfaí na Feisirí ó bheith rannpháirteach i gcomhlachais ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Ós rud é gur dearbhaíodh na gníomhaíochtaí agus an luach saothair go cuí, léiríodh ardleibhéal trédhearcachta freisin.

Maidir leis an gcoinbhleacht leasa, níor mheas an Coiste Comhairleach go raibh coinbhleacht leasa ghinearálta i gceist sa chomhthéacs áirithe sin. Mar sin féin, dá molfaí an Feisire mar rapóirtéir nó mar scáth-rapóirtéir do chomhad a mbeadh nasc aige le fo-ghníomhaíochtaí an Fheisire, chaithfí na rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa a urramú go cúramach agus ba cheart don Fheisire aon chás féideartha a dhearbhú ina dhearbhuithe maidir le feasacht ar

choinbhleachtaí leasa. Sa chiall sin, tháinig an Coiste Comhairleach ar an gconclúid gur cheart don Fheisire na rialacha agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chód Iompair a urramú go cúramach, go sonrach maidir le coinbhleachtaí leasa a chumhdaítear in Airteagal 3.

Sa **dara cás,** dar leis na gearánaigh, go raibh Feisire a ceapadh mar rapóirtéir i staid coinbhleachta leasa líomhnaithe agus nár chomhlíon sé an oibleagáid é sin a dhearbhú sa dearbhú maidir le feasacht ar choinbhleachtaí leasa a tíolacadh sular ghlac sé an ról sin mar rapóirtéir. Thairis sin, cheistigh na gearánaigh iomláine dhearbhú leasanna príobháideacha an Fheisire agus thagair siad do shárú féideartha ar na hoibleagáidí maidir le nochtadh i ndáil le cruinnithe agus le hionchuir (Airteagail 7 agus 8 den Chód Iompair) ag an bhFeisire céanna. Tabharfar an measúnú ar an gcás sin chun críche in 2026.

- **Dearbhuithe maidir le Leasanna Príobháideacha**

Bhain **an tríú cás** le luach airgid a chur ar ghníomhaíochtaí na meán sóisialta ag Feisire de Pharlaimint na hEorpa, nár léiríodh i ndearbhú leasanna príobháideacha an Fheisire. D'iarr an Coiste Comhairleach soiléiriú ar an bhFeisire maidir leis an bhfáth nár áiríodh gníomhaíochtaí den sórt sin ina ndearbhú maidir le leasanna príobháideacha. D'fhreagair an Feisire i scríbhinn nár gineadh aon ioncam ó ábhar meán sóisialta atá nasctha le gníomhaíochtaí parlaiminteacha, ach ón ngníomhaíocht roimhe sin mar thionchaire. D'iarr an Feisire treoraíocht ar an gCoiste Comhairleach freisin maidir le conas na hoibleagáidí maidir le nochtadh a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr tríd an dearbhú maidir le leasanna príobháideacha.

Mhol an Coiste Comhairleach go ndéanfadh an Feisire a dhearbhú maidir le leasanna príobháideacha a thabhairt cothrom le dáta chun na gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis na meáin shóisialta a chur san áireamh, lena n-áirítear urraíochtaí, más rud é gur mhó an luach saothair iomlán ná oll-luach EUR 5,000 in aon bhliain féilire, chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha eile. Mhínigh an Coiste Comhairleach nach dtagann gníomhaíochtaí ar chainéil meán atá faoi úinéireacht tríú páirtithe a dtéann aon ioncam a eascraíonn astu chuig na tríú páirtithe sin amháin faoi raon feidhme an Chóid Iompair. Mhol an Coiste Comhairleach go láidir don Fheisire aon deis chun airgead a fháil as inneachar a bhaineann lena gcuid oibre parlaimintí a choinneáil díchumasaithe ar líne.

Ar deireadh, dá molfaí an Feisire mar rapóirtéir nó mar scáth-rapóirtéir maidir le comhaid a bhaineann le gníomhaíochtaí cuideachtaí a ndéantar fógraíocht orthu tríd a ghníomhaíocht mar thionchaire, mhol an Coiste Comhairleach go ndearbhódh sé an cás sin sa dearbhú ábhartha maidir le feasacht ar choinbhleachtaí leasa. Tar éis dó a thabhairt dá aire go ndearna an Feisire an dearbhú maidir le leasanna príobháideacha a thabhairt cothrom le dáta mar a moladh, chinn an Coiste Comhairleach go raibh an cás dúnta.

Ba é ba chúis leis **an gceathrú cás** ná gearán a fuair an Coiste Comhairleach in 2025 maidir le físeán fógraíochta a d'fhoilsigh Feisire ar na meáin shóisialta agus é mar chuspóir leis cuideachta a chur chun cinn. Rinne an Coiste Comhairleach measúnú féachaint an bhféadfaí rannpháirtíocht an Fheisire i bhfógra tráchtála a mheas mar choinbhleacht leasa agus, dá bhrí sin, mar shárú ar Airteagal 3 den Chód Iompair. Scrúdaigh sé freisin an bhfuair an Feisire tacaíocht airgeadais nó tacaíocht d'aon chineál eile ón gcuideachta, ós rud é go bhféadfadh sárú ar na hoibleagáidí maidir le nochtadh atá ar leasanna príobháideacha na bhFeisirí a bheith mar thoradh air sin i gcomhréir le hAirteagal 4 den Chód Iompair. Sheol an Coiste Comhairleach iarratas i scríbhinn ar shoiléiriú chuig an bhFeisire. Thug an Feisire freagra a léirigh nach bhfuarthas aon tacaíocht airgeadais ná tacaíocht de chineál eile mar mhalairt ar an bhfíseán fógraíochta a cuireadh suas ar chainéil na meán sóisialta. Agus an freagra a fuarthas ón bhFeisire agus an fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir leis an gcás á gcur san áireamh, níor suíodh aon sárú ar an gCód Iompair.

Bhain **an cúigiú cás** le gearán maidir le comhaltas Feisire de bhord páirtí pholaitiúil tríú tír agus a rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí an pháirtí sin. Líomhnaítear nár dearbhaíodh na gníomhaíochtaí sin i ndearbhú leasanna príobháideacha an Fheisire. Bhain an chéad cheist a scrúdaigh an Coiste Comhairleach sa chás sin le comhoiriúnacht fo-ghníomhaíochtaí Feisire laistigh de pháirtí polaitiúil tríú tír leis an gCód Iompair. Chinn an Coiste Comhairleach nach bhfuil aon srianta leis na gníomhaíochtaí seachtracha sin sa Chód Iompair, agus gur féidir le Feisirí reatha de Pharlaimint na hEorpa oifig a shealbhú, ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí páirtithe polaitiúla ó thríú tíortha. Maidir leis na hoibleagáidí i ndáil le nochtadh, sheol an Coiste Comhairleach iarratas chuig an bhFeisire ar shoiléiriú maidir le gníomhaíochtaí agus ballraíochtaí faoi láthair agus roimhe seo.

Rinne an Feisire a dhearbhú maidir le leasanna príobháideacha a thabhairt cothrom le dáta go huathspreagtha agus sheol freagra i scríbhinn ar iarratas an choiste ar shoiléiriú. Chinn an Coiste Comhairleach nach bhféadfaí aon sárú ar an gCód Iompair a shuí.

Bhain **an séú cás** le neamhréireachtaí líomhnaithe idir an fhaisnéis i ndearbhú leasanna príobháideacha Feisire agus an dearbhú náisiúnta a chuirtear isteach go bliantúil ina Bhallstát. Thug an Coiste Comhairleach dá aire go raibh raon feidhme an dearbhaithe náisiúnta neamhchosúil agus níos leithne ná an dearbhú maidir le leasanna príobháideacha a cheanglaítear leis an gCód Iompair. Tar éis anailís tosaigh a dhéanamh ar an ábhar, sheol an Coiste Comhairleach iarratas ar shoiléiriú chuig an bhFeisire lena mbaineann, ag fiosrú cineál agus saintréithe na ngníomhaíochtaí reatha agus na ngníomhaíochtaí roimhe seo.

Tar éis an mholta ón gCoiste Comhairleach, nuashonraigh an Feisire an dearbhú maidir le leasanna príobháideacha i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chód Iompair.

Bhain **an seachtú cás** le neamhréireachtaí líomhnaithe idir an fhaisnéis atá i dtaifid chuntasaíochta oifigiúla cuideachtaí sa Bhallstát agus dearbhú leasanna príobháideacha an Fheisire.

Cé nach bhfuil aon sainordú ag an gCoiste Comhairleach aon taifead náisiúnta a fhíorú nó a bhailíochtú, chinn sé litir a sheoladh chuig an bhFeisire leis an moladh oibleagáidí nochta an Chóid Iompair a fhíorú. Tháinig deireadh le sainordú an Fheisire go gairid tar éis chinneadh an Choiste Chomhairligh. Dá bhrí sin, dúnadh an cás mar gheall ar dheireadh an tsainordaithe.

Rinneadh measúnú ar **an ochtú cás** tar éis líomhaintí maidir le rannpháirtíocht fhéideartha Feisire i ngníomhaíochtaí brú-stocaireachta íoctha thar ceann rialtas tríú tír, agus sáruithe líomhnaithe éagsúla eile ar na hoibleagáidí maidir le nochtadh.

Scrúdaigh an Coiste Comhairleach inneachar agus foinsí an ghearáin, agus na gníomhaíochtaí a dhearbhaigh an Feisire, gan aon fhaisnéis a fháil faoi na gníomhaíochtaí brú-stocaireachta líomhnaithe ná faoi sháruithe eile ar oibleagáidí maidir le nochtadh. I gcomhréir le Riail 12 de Rialacha Nós Imeachta an Choiste Chomhairligh, mheas an Coiste go raibh an gearán go follasach gan bhunús agus dhún sé an cás.

- **Foilsiú na gCruinnithe**

Bhí **an naoú cás** dírithe ar shárú líomhnaithe ag beirt Fheisirí ar a laghad ar Airteagal 7(1) den Chód Iompair, i gcomhar le hAirteagal 5 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IIA). Bhain an cás le cruinnithe a tionóladh laistigh d'áitreabh Pharlaimint na hEorpa le hionadaí sainleasa nach raibh cláraithe sa Chlár Trédhearcachta.

Thug an Coiste Comhairleach dá aire go bhforchuireann IIA oibleagáidí ar na hInstitiúidí ar sínitheoirí IIA iad, seachas ar Fheisirí aonair. Le hAirteagal 5 den Chomhaontú Idirinstitiúideach tugtar isteach prionsabal na coinníollachta. Ciallaíonn sé sin go ngeallann na hinstitiúidí uile ar sínitheoirí iad go mbeidh clárú i gClár Trédhearcachta an Aontais ina réamhchoinníoll riachtanach d'ionadaithe sainleasa ar mian leo idirghníomhaíochtaí áirithe a bheith acu le Feisirí nó le baill foirne. Mar sin féin, féadfaidh gach institiúid a chinneadh cé na gníomhaíochtaí lena gceanglaítear go gclárófaí ionadaithe sainleasa, agus cé na gníomhaíochtaí ina bhféadfaidh ionadaithe sainleasa a bheith rannpháirteach fiú mura bhfuil siad cláraithe. Chuir Parlaimint na hEorpa Airteagal 5 den Chomhaontú Idirinstitiúideach chun feidhme go hinmheánach trí chinneadh ón mBiúró an 12 Meitheamh 2023, lena rialaítear go mionsonraithe rannpháirtíocht ionadaithe sainleasa in imeachtaí a reáchtáiltear ar áitribh na Parlaiminte.

Foráiltear le hAirteagal 7(1) den Chód Iompair mar seo a leanas: " Ba cheart do na Feisirí bualadh le hionadaithe sainleasa atá cláraithe sa chlár trédhearcachta a bunaíodh trí bhíthin an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach, ach leo sin amháin". Léiríonn úsáid an téarma "ba cheart" moladh láidir, i gcodarsnacht le hairteagail eile den Chód Iompair ina n-úsáidtear an téarma "beidh" chun oibleagáid cheangailteach a chruthú.

Dá bhrí sin, ní féidir Airteagal 7(1) den Chód Iompair a léamh mar ní lena gcruthaítear oibleagáid cheangailteach d'Fheisirí gan bualadh ach le hionadaithe sainleasa atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta, toisc go bhféadfadh sé sin a bheith contrártha do phrionsabal na saoirse sainordaithe. Tá sé d'oibleagáid ar Fheisirí cruinnithe sceidealaithe le hionadaithe sainleasa a bhaineann le gnó parlaiminteach a thagann faoi raon feidhme an Chláir Trédhearcachta a dhearbhú, gan beann ar na hionadaithe sainleasa a bheith cláraithe nó gan a bheith cláraithe. Ní bhunaítear le hAirteagal 7(2) den Chód Iompair aon sprioc-am éigeantach chun cruinniú a fhoilsiú.

I bhfianaise an chreata dhlíthiúil is infheidhme, ar dá réir nach féidir cosc a chur ar Fheisirí bualadh le heagraíochtaí nó le daoine aonair nach bhfuil cláraithe sa Chlár Trédhearcachta, tháinig an Coiste Comhairleach ar an gconclúid nach bhféadfaí aon sárú ar Airteagal 7(1) a shuí.

Bhain **an deichiú cás** le gearán ina ndearnadh tagairt d'easpa beachtais na n-oibleagáidí maidir le nochtadh i ndáil le foilsiú cruinnithe ag Feisire (Airteagal 7 den Chód Iompair). Le linn an scrúdaithe, thug an Coiste Comhairleach dá aire go raibh cruinnithe á bhfoilsiú ag an bhFeisire agus, ar an gcaoi sin, go raibh na hoibleagáidí maidir le nochtadh á n-urramú aige. Mar sin féin, sheol an Coiste Comhairleach litir chuig an bhFeisire maidir leis an dearbhú cruinnithe, agus go sonrach, maidir leis an tábhacht a bhaineann le soiléiriú a dhéanamh maidir leis na comhaid pharlaiminteacha a pléadh ag gach cruinniú, más infheidhme.

Dá bhrí sin, leasaigh an Feisire na hiontrálacha a foilsíodh roimhe seo le haghaidh cruinnithe éagsúla agus lean sé na moltaí maidir leis na cruinnithe sin a tionóladh tar éis dó an litir a fháil.

- **Freastal ar imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe**

San **aonú cás déag,** cuireadh in iúl gur ghlac Feisire páirt in imeacht a d'eagraigh tríú páirtí. Thug an Coiste Comhairleach dá aire nár cuireadh aon dearbhú isteach laistigh den sprioc-am a fhorordaítear leis an gCód Iompair, agus chinn sé dul i dteagmháil leis an bhFeisire chun soiléiriú a iarraidh. Bhí an measúnú ar an gcás sin fós ar siúl ag deireadh 2025 agus tabharfar chun críche é in 2026.

2.4.3 Cásanna a sainaithníodh trí fhaireachán ar chomhlíonadh

De bhun Airteagal 10(5), an tríú fomhír, den Chód Iompair agus i gcomhréir le Riail 9 de Rialacha Nós Imeachta an Choiste Chomhairligh, tá sé de chúram ar an gCoiste Comhairleach faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid Iompair agus a Bhearta Cur Chun Feidhme ag na Feisirí. Féadfaidh sé aon sáruithe féideartha ar na forálacha sin a chur in iúl don Uachtarán.

De réir Riail 9 de Rialacha Nós Imeachta an Choiste Chomhairligh, déanann an rúnaíocht, thar ceann an Choiste Chomhairligh, bunaithe ar mhalartú faisnéise idirsheirbhíse agus foinsí atá ar

fáil don phobal, seiceálacha rialta ar chomhlíonadh an Chóid Iompair agus a Bhearta Cur Chun Feidhme ag na Feisirí, chomh maith le seiceálacha randamacha, agus ullmhaíonn sí, roimh gach cruinniú den Choiste Comhairleach, liosta d'aon chásanna arbh fhiú tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu.

D'iarr an Coiste Comhairleach ar an rúnaíocht forléargas iomlán a thabhairt ar na líomhaintí uile a rinneadh maidir leis na Feisirí. Ar an mbonn sin, in 2025, d'ullmhaigh an rúnaíocht liosta de 28 gcás a sainaithníodh trí fhaireachán (13 chás) nó a chuir tríú páirtithe isteach (15 chás), ar ghá don Choiste Comhairleach ceithre chás díobh a bhreithniú tuilleadh. Bhí na cásanna eile lasmuigh de raon feidhme an Chóid Iompair, ní raibh siad ábhartha a thuilleadh tráth an scrúdaithe, nó cuireadh in iúl go díreach don Choiste Comhairleach iad freisin.

Bhain na ceithre chás a sainaithníodh trí fhaireachán, agus a scrúdaigh an Coiste Comhairleach ina dhiaidh sin, le rannpháirtíocht na bhFeisirí in imeachtaí a d'eagraigh tríú páirtithe. I ngach ceann de na ceithre chás, ní raibh dearbhú tinrimh tíolactha ag na Feisirí laistigh den sprioc-am 60 lá a leagtar síos sna Bearta Cur Chun Feidhme. I ngach ceann de na ceithre chás, chuaigh an Coiste Comhairleach i dteagmháil leis na Feisirí. Dheimhnigh na Feisirí nach bhfuarthas aon tacaíocht airgeadais ná aon tacaíocht eile i ndáil le rannpháirtíocht san imeacht faoi seach agus go raibh an rannpháirtíocht i gcáil phearsanta nó mar ionadaithe ar a bpáirtithe polaitiúla náisiúnta, agus ní ina gcáil mar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa.

Dhá bhabhta, mheabhraigh an Coiste Comhairleach do na Feisirí aon chruinniú le hionadaithe tríú tíortha a dhearbhú i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chód Iompair, más infheidhme maidir lena gcás. Ós rud é go mbraitheann an Coiste Comhairleach ar an bhfaisnéis a chuireann na Feisirí ar fáil agus nár cuireadh aon fhaisnéis chontrártha ó na foinsí a bhí ar fáil i láthair, chinn sé nach raibh gá le haon ghníomhaíocht bhreise.

2.4.4 Iarratas ar threoraíocht ó Fheisirí maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme an Chóid Iompair

De réir Airteagal 10(5) den Chód Iompair, féadfaidh aon Fheisire treoraíocht a iarraidh ar an gCoiste Comhairleach maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme fhorálacha an Chóid agus tá sé nó sí i dteideal brath ar threoir den sórt sin. Cuireann an Coiste Comhairleach treoraíocht ar

fáil faoi rún agus laistigh de 30 lá féilire. In 2025, fuair an Coiste Comhairleach dhá iarratas ar threoraíocht ó na Feisirí.

- **Treoraíocht maidir le coinbhleacht leasa a d'fhéadfadh eascairt as a bheith ina scairshealbhóir mionlaigh i gcuideachta**

Bhain an chéad iarratas le léirmhíniú agus cur chun feidhme fhorálacha an Chóid Iompair i ndáil leis an dearbhú maidir le feasacht ar choinbhleachtaí leasa. D'iarr an Feisire treoraíocht maidir leis na hoibleagáidí nochta is infheidhme sular ainmnítear é mar rapóirtéir do chomhad neamhreachtach a bhfuil raon feidhme leathan aige, agus na gníomhaíochtaí reatha, na ballraíochtaí agus na sealúchais arna ndearbhú ina dhearbhú maidir le leasanna príobháideacha á dtabhairt san áireamh. Mhol an Coiste Comhairleach gur cheart don Fheisire a dhearbhú ina dhearbhú maidir le feasacht ar choinbhleachtaí leasa go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith mar thoradh ar an gcás sin agus gur cheart dó tuairisc a thabhairt ar an gcás i roinn an tsaorthéacs den fhoirm i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den Chód Iompair.

Lean an Feisire an moladh ón gCoiste Comhairleach agus thíolaic sé a dhearbhú maidir le feasacht ar choinbhleachtaí leasa dá réir sin. Ina dhiaidh sin, lean an coiste inniúil an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 3(5) agus chinn sé go bhféadfadh an Feisire leanúint dá ghníomhaíocht, ar an bhforas nár chuir an choinbhleacht leasa féideartha cosc ar an bhFeisire a shainordú a fheidhmiú ar mhaithe le leas an phobail.

- **Treoraíocht ar choinbhleachtaí leasa féideartha agus gníomhaíochtaí gairmiúla**

Bhí ceisteanna ó Fheisire sa dara hiarratas maidir le coinbhleachtaí leasa féideartha i gcomhthéacs gníomhaíochtaí reatha, ballraíochtaí, sealúchais, chomh maith le leasanna príobháideacha eile in éineacht le feidhmiú oifig an Fheisire. Sa treoraíocht a cuireadh ar fáil, mhínigh an Coiste Comhairleach gur cheart measúnú a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa i bhfianaise na staide nithiúla, i bhfianaise na hoibre iarbhír a dhéantar mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa ar mhaithe le leas an phobail.

Ós rud é gur chosúil *prima facie* nach raibh na himthosca a cuireadh i láthair ar neamhréir le forálacha an Chóid Iompair, fuair an Feisire an moladh an dearbhú maidir le leasanna

príobháideacha a thabhairt cothrom le dáta chun tuairisc a thabhairt ar an gcás ar bhealach mionsonraithe beacht. Meabhraíodh don Fheisire freisin meastóireacht a dhéanamh, ar bhonn cás ar chás, ar conas na dearbhuithe maidir le feasacht ar choinbhleachtaí leasa a chomhlánú dá molfaí an Feisire amach anseo mar rapóirtéir nó mar scáth-rapóirtéir do chomhad a bhaineann leis na leasanna príobháideacha lena mbaineann.

I rith na bliana, lean an rúnaíocht, de réir a cleachtais sheanbhunaithe, ag freagairt d'fhiosrúcháin a chuir Feisirí agus a gcúntóirí parlaiminteacha faoina bráid maidir le conas forálacha an Chóid agus a Bhearta Cur Chun Feidhme a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gceart, agus a n-ualach riaracháin á laghdú, a mhéid is féidir. Is gnách gur réamh-threoraíocht í an chomhairle a chuirtear ar fáil ar leibhéal na rúnaíochta. Meabhraíodh do na Feisirí go bhféadfaidís iarratas ar threoraíocht fhoirmiúil maidir leis an ábhar céanna a chur faoi bhráid an Choiste Chomhairligh.

3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LEIS AN gCÓD IOMPAIR

3.1 Dearbhuithe maidir le Leasanna Príobháideacha na bhFeisirí a thíolacadh agus a thabhairt cothrom le dáta

De bhun Airteagal 4 den Chód Iompair, ní foláir do na Feisirí dearbhú maidir le leasanna príobháideacha atá mionsonraithe agus beacht a thíolacadh faoi dheireadh an chéad pháirt-seisiúin tar éis toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a bheith ann nó laistigh de 30 lá ó dhul i mbun oifige dóibh le linn téarma parlaiminteach. Ní foláir dóibh fógra a thabhairt don Uachtarán maidir le haon athruithe a bhfuil tionchar acu ar a ndearbhú faoi dheireadh na míosa tar éis do gach athrú tarlú.

Tíolacadh 193 dhearbhú maidir le leasanna príobháideacha san iomlán in 2025, ar tíolacadh 6 dhearbhú díobh tar éis tús a chur le sainordú nua agus ba nuashonruithe iad 187 ndearbhú díobh. I gcomparáid leis an tréimhse chéanna den 9^{ú} téarma parlaiminteach, is méadú suntasach é ar nuashonruithe ar an dearbhú maidir le leasanna príobháideacha.

3.2 Dearbhuithe eile a thíolacadh

- <u>Dearbhú maidir le feasacht ar choinbhleachtaí leasa</u>

Ní mór d'Fheisirí a théann i mbun oifigí áirithe (Leas-Uachtarán, Caestóir, Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach coiste nó toscaireachta) nó feidhmeanna (rapóirtéir, scáthrapóirtéir nó rannpháirtí i dtoscaireacht oifigiúil nó i gcaibidlíochtaí idirinstitiúideacha) a dhearbhú cibé acu atá nó nach bhfuil siad ar an eolas faoi aon choinbhleacht leasa i ndáil le freagrachtaí na hoifige, na tuarascála, na tuairime, na toscaireachta nó na caibidlíochta atá i gceist. I gcás coinbhleachtaí leasa a bheith ar eolas, bunaítear nós imeachta sonrach leis an gCód Iompair.

Ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2025, rinneadh 6,805 dhearbhú, rud a léiríonn ardleibhéal comhlíontachta. Mar a tuaradh sa tuarascáil bhliantúil roimhe seo, nuair a thosaigh na coistí ag obair níos déine ar thograí reachtacha, tháinig méadú suntasach ar líon na ndearbhuithe sin.

- Dearbhú Sócmhainní

Ní mór an dearbhú sócmhainní a chur isteach ag tús agus ag deireadh gach sainordaithe. Cumhdaítear leis an dearbhú sócmhainní (maoin dhochorraithe, ionstraimí airgeadais, agus cuntais bhainc neamh-AE), agus dliteanais amhail iasachtaí. Níl na dearbhuithe sin le foilsiú agus ní chuirfí ar fáil iad ach d'údaráis bhreithiúnacha i gcomhthéacs imeachtaí dlíthiúla.

Tíolacadh formhór na ndearbhuithe sócmhainní le linn na bliana roimhe sin, mar gheall ar thús an tsainordaithe nua. In 2025, thíolaic Feisirí a bhí ag dul as oifig agus Feisirí a bhí ag dul i mbun oifige araon 11 dhearbhú sócmhainní.

- Dearbhú Ionchuir

Is iarscríbhinn é an dearbhú ionchuir seo a ghabhann le tuarascáil nó tuairim ar leibhéal coiste, ina dtaispeántar cé hiad na daoine nó na heagraíochtaí (más ann) óna bhfuair an rapóirtéir ionchur le linn dó nó di a sheasamh nó a seasamh a ullmhú. Ní féidir tuarascálacha gan dearbhú ionchuir a chur síos don suí iomlánach. Chomhlíon gach tuarascáil ó choiste ar vótáladh uirthi sa suí iomlánach ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2025 an ceanglas sin, cé is moite díobh siúd i gcásanna díolúine nach bhfuil feidhm ag an dearbhú ionchuir ina dtaobh.

- Bronntanais

De réir fhorálacha an Chóid Iompair, ní gá bronntanais ar lú a luach ná EUR 150 a dhearbhú. Ó thús 2025 go dtí deireadh na bliana, dearbhaíodh agus foilsíodh 44 bhronntanas i gclár na mbronntanas.

- Dearbhú maidir le freastal ar imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe

Tá dearbhú maidir le freastal ar imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe riachtanach sa chás inarb é tríú páirtí a rinne speansais taistil, chóiríochta nó chothaithe na bhFeisirí a íoc nó a aisíoc go hiomlán nó go páirteach. In 2025, tíolacadh 212 dhearbhú.

- Foilsiú na gCruinnithe

Ní foláir do na Feisirí gach cruinniú sceidealta a bhaineann le gnó parlaiminteach le hionadaithe sainleasa a thagann faoi raon feidhme an Chláir Trédhearcachta nó le hionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, a fhoilsiú ar líne. Dearbhaíodh 32,122 chruinniú san iomlán don bhliain 2025.

3.3 Ardú Feasachta

Tá sainordú sonrach in Airteagal 10(7) den Chód Iompair don Choiste Comhairleach feasacht na bhFeisirí ar an gCód Iompair agus ar a Bhearta Cur Chun Feidhme a ardú ar bhonn rialta. Sonraítear a thuilleadh i Riail 7 de Rialacha Nós Imeachta an Choiste Chomhairligh go n-ardaí an Coiste Comhairleach feasacht na bhFeisirí ar an gCód Iompair agus ar a Bhearta Cur Chun Feidhme ar bhonn rialta trí fheachtas faisnéise a dhéanamh atá dírithe ar na Feisirí uile maidir lena n-oibleagáidí uair sa bhliain ar a laghad.

Ina theannta sin, bunaítear le hAirteagal 15 de na Bearta Cur Chun Feidhme nach mór don tseirbhís inniúil (an tAonad um Riarachán do na Feisirí) cúnamh a thabhairt do na comhlachtaí freagracha chun feasacht na bhFeisirí ar na bearta sin a ardú go tráthrialta le linn an téarma pharlaimintigh agus nach mór di oiliúint shaincheaptha a sholáthar do na Feisirí, atá ar fáil arna iarraidh sin tráth ar bith le linn an téarma pharlaimintigh.

Chun tacú leis na Feisirí an Cód Iompair a chomhlíonadh, in 2025, d'eagraigh an tAonad um Riarachán do na Feisirí ceithre chúrsa oiliúna shaincheaptha aonair arna iarraidh sin do na Feisirí, seisiún faisnéise amháin do chúntóirí parlaiminteacha agus trí chúrsa oiliúna shaincheaptha d'fhoireann na ngrúpaí polaitiúla.

Ghlac an tAonad um Riarachán do na Feisirí páirt freisin i 13 sheisiún oiliúna maidir le dea-bhainistiú oifige do na Feisirí, arna n-eagrú ag AS PERS, agus in oiliúint éigeantach do chúntóirí parlaiminteacha chun feasacht a mhúscailt maidir le hinneachar an Chóid Iompair agus ról an Choiste Chomhairligh.

Ina theannta sin, cuireadh cúnamh pearsanta ar fáil do na Feisirí agus dá n-oifigí i rith na bliana, rud a chabhraigh leo na hoibleagáidí éagsúla a chomhlíonadh go rathúil. Ar an meán, faigheann an tAonad um Riarachán do na Feisirí thart ar 10-12 iarratas ar chúnamh in aghaidh an lae oibre maidir le hábhair a bhaineann leis an gCód Iompair, ar an bhfón nó trí ríomhphost.


3.4 STAIDREAMH

		2024 an 1ú leath	2024 an 2ú leath*	2025 an 1ú leath	2025 an 2ú leath
Dearbhuithe maidir le Leasanna Príobháideacha	**Feisirí Nua**	102	726	1	5
	Nuashonruithe	61	65	99	87
	Iomlán	163	791	100	93
Dearbhuithe maidir le Freastal ar imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe		64	76	109	103
Fógraí faoi Bhronntanais		9	12	26	18
Dearbhuithe maidir le Feasacht Choinbhleachtaí Leasa		575	1418	3827	2978
Dearbhuithe Sócmhainní		13	726	2	9
Foilsiú na gCruinnithe		5970	16823	20415	11707
Cásanna ar phléigh an Coiste Comhairleach leo	**Tarchuir ag an Uachtarán**	4	1	2	0
	Treoraíocht	1	0	1	1
	Curtha in iúl díreach	1	3	3	8
	Faireachán	0	2	1	3

*Tosach an 10ú téarma reachtach

3.5 GRAIF ANAILÍSE TREOCHTAÍ


Foinse na sonraí: staidreamh inmheánach an Aonaid um Riarachán do na Feisirí



Léirítear leis an líne ghlas na dearbhuithe maidir le leasanna príobháideacha (DPI) ag tús an tsainordaithe [dearbhuithe ainmnithe maidir le leasanna airgeadais (DFI) go dtí mí na Samhna 2023]. Tá a ndearbhuithe curtha isteach in am ag na Feisirí nuathofa ar fad.

Léirítear leis an líne oráiste líon na ndearbhuithe nuashonraithe. Déantar an nuashonrú ar a dhéanaí faoi dheireadh na míosa tar éis an athraithe. Idir mí na Samhna agus mí na Nollag 2023, tar éis an athbhreithnithe ar an gCód Iompair, bhí ar na Feisirí reatha uile dearbhú nua maidir le leasanna príobháideacha a thíolacadh.


I gcomparáid leis an tréimhse chéanna tar éis thoghcháin 2019, tá treocht shuntasach aníos i líon na nuashonruithe DPI in 2024 agus 2025.




Tugadh isteach na dearbhuithe maidir le feasacht ar choinbhleachtaí leasa sa Chód Iompair athbhreithnithe i mí na Samhna 2023.




Níor tháinig aon athrú bunúsach ar na rialacha maidir le dearbhuithe tinrimh ag imeachtaí tríú páirtí. Tá treocht shoiléir aníos i líon na ndearbhuithe thar na blianta.






I mí na Samhna 2023, leathnaíodh na rialacha maidir le cruinnithe le hionadaithe sainleasa de chuid ionadaithe tríú tíortha a fhoilsiú chun na Feisirí uile a chumhdach.



Léirítear leis na sonraí gurb é an cur in iúl go díreach an phríomhfhoinse do na cásanna a láimhseálann an Coiste Comhairleach. Léiríonn sé sin feasacht ard an phobail maidir leis na rialacha athbhreithnithe laistigh agus lasmuigh de Pharlaimint na hEorpa araon.



Léirítear leis na sonraí go bhfuil méadú seasta tagtha ar ualach oibre an Choiste Chomhairligh le himeacht ama.

4. RIARACHÁN

Is é an tAonad um Riarachán do na Feisirí in AS na hUachtaránachta a chuireann seirbhísí rúnaíochta ar fáil don Choiste Comhairleach agus tá sé ainmnithe ag an Ardrúnaí mar an tseirbhís inniúil faoi Airteagail 7, 8, 9, 14 agus 15 de na Bearta Cur Chun Feidhme.
Is iad seo a leanas a shonraí teagmhála:
Advisory.Committee@europarl.europa.eu

Parlaimint na hEorpa
Rúnaíocht an Choiste Chomhairligh maidir le hIompar na bhFeisirí
60, Rue Wiertz
SPAAK 07B022
B-1047 An Bhruiséil